# Comhairle Contae Liatroma
# Scéim faoi Alt 11
# d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003
# 2007-2009

**Clár**


| **Caibidil** | **Teideal** |
|---|---|
| 1 | Cúlra |
| 1.1 | Réamhrá |
| 1.2 | Ullmhú na Scéime |
| 1.3 | Dáta Tosaigh na Scéime |
| 1.4 | Ráiteas Misin |
| 1.5 | Aidhmeanna Straitéiseacha |
| 1.6 | Plean Gníomhaíochta Seirbhíse Chustaiméara |
| 1.7 | Custaiméirí agus Cliaint Chomhairle Contae Liatroma |
| 1.8 | Réimsí Feidhme/Stiúrthóireachtaí Chomhairle Contae Liatroma |
| 1.9 | Suíomh Oifigí na Comhairle |
| 1.10 | Príomh-mhodhanna Cumarsáide leis an bPobal |
| 1.11 | Measúnú ar líon na Seirbhísí atá ar fáil as Gaeilge cheana féin |
| **2** | **Achoimre ar Sheirbhísí atá á Sholáthar ag Comhairle Contae Liatroma** |
| **3** | **Feabhsú ar Sheirbhísí le soláthar ar bhonn Dátheangach** |
| 3.1 | Treoirphrionsabail |
| 3.2 | Cumarsáid Scríofa |
| 3.3 | Oiliúint agus Forbairt |
| 3.4 | Córais Faisnéise |
| 3.5 | Foirmeacha Iarratais |
| 3.6 | Suíomh Idirlinn |
| 3.7 | Seirbhísí Teileafóin |
| 3.8 | Polasaí maidir le Cruinnithe Poiblí |
| 3.9 | Na Meáin/Preasráitis |
| 3.10 | Leabhráin agus Bileoga Eolais |
| 3.11 | Logainmneacha |
| 3.12 | Beartais Chothaithe |
| **4** | **Cur i bhFeidhm, Monatóireacht agus Athbhreithniú** |

# Comhairle Contae Liatroma
# Scéim Faoi Alt 11
# d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003
# 2007-2009

## Caibidil 1 Cúlra

### 1.1 Réamhrá

D'ullmhaigh Comhairle Contae Liatroma an Scéim seo faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.

Síníodh Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ina dhlí ar an 14 Iúil 2003. Is é an tAcht seo an chéad phíosa reachtaíochta ina leagtar síos creatlach reachtúil do sholáthar seirbhísí as Gaeilge.

Is é príomhchuspóir an Achta ná soláthar ná a chinntiú go bhfuil rochtain níos fearr agus caighdeán níos airde ann de sheirbhísí poiblí as Gaeilge.

### 1.2 Ullmhú na Scéime

Tá foráil in Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla go n-ullmhódh eagrais phoiblí scéim reachtúil ina chuirtear síos ar na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla,
- agus trí mhéan na Gaeilge agus Béarla

agus na bearta atá le glacadh lena chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach bhfuiltear ag soláthar ag an eagras trí mheán na Gaeilge a sholáthar laistigh de fhráma ama comhaontaithe.

Faoi réir Ailt 13 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 tá dualgas ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú go bhfuil cumas Gaeilge ag go leor dá bhfoireann (Alt 13(2)(c)).

Ullmhaíodh an Scéim seo de réir na dTreoirlínte faoi Alt 12 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, a chuir An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta chuig Comhairle Contae Liatroma i mí Mheán Fómhair 2004.

D'fhoilsigh Comhairle Chontae Liatroma fógra faoi Alt 13 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 i mí Márta 2006 ag lorg aighneachtaí faoi 25.4.2006 maidir le hullmhú na scéime ó pháirtí leasmhar ar bith. Tá an t-aon aighneacht amháin a fuarthas ar fáil ar shuíomh idirlín na Comhairle ag www.leitrimcoco.ie

Chuidigh Coiste na Gaeilge de chuid na Comhairle, ar a bhfuil Baill Tofa, Foireann as réimse seirbhísí na Comhairle agus Ionadaí ó Ghrúpaí Deonacha ag plé leis an gComhairle le dréachtadh na Scéime. Tá sé de chúram ag Coiste na Gaeilge tuairisc a thabhairt do Choiste Polasaí Straitéiseach Tithíochta agus Seirbhísí Corparáide maidir le seirbhísí atá le soláthar as Gaeilge. Beidh freagracht ag Bainisteoir Chontae Liatroma nó duine ainmnithe aige/aici as monatóireacht agus athbhreithniú na Scéime seo. Tá an Scéim á fhorbairt bunaithe ar réimse na seirbhísí atá ar fáil as Gaeilge faoi láthair. I gcorp na Scéime, ainmnítear réimsí ina bhfuil leathnú ar sheirbhísí a chuireann Comhairle Contae Liatroma ar fáil le déanamh as seo amach.

Ní bheidh aon mhír sa Scéim seo ag teacht salach ar aon Acht nó ionstraim reachtúil de chuid an Stáit nó aon rialacháin a dhéantar faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Tá tiomantas sa Scéim measúnú a dhéanamh ar bhonn leantach ar leibhéal an éilimh do sheirbhísí as Gaeilge agus a chinntiú go bhfreastalaíonn an Chomhairle ar an éileamh seo ar bhealach pleanáilte, cuimsitheach agus inrochtana. Déanfaidh an Chomhairle leibhéal an éilimh dá seirbhísí a mheas trí mheasúnuithe rialta a dhéanamh ar leibhéal fhiosruithe/iarratais do sheirbhísí as Gaeilge. Déanfar monatóireacht air seo trí Chóras Bainistíochta Teagmhála na Comhairle. Is trí bholscaireacht agus léiriú ar iontaofacht na seirbhísí nua trí Ghaeilge a chothófar éileamh agus úsáid sheirbhísí as Gaeilge.

## 1.3 Dáta Tosaigh na Scéime

Tá an Scéim seo deimhnithe ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Cuirfear tús leis an Scéim le héifeacht ón 1 Eanáir 2007 agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana ón dáta sin, nó go dtí go mbeidh Scéim nua deimhnithe ag an Aire de bhua Alt 15 den Acht, pé acu is túisce.

## 1.4 Ráiteas Misin

Deir Plean Corparáideach na Comhairle 2004-2009 gurb é Misean Chomhairle Contae Liatroma ná “forbairt leanúnach Liatroma a stiúradh mar rogha áit do dhaoine le cónaí, obair, infheistiú agus cuairt.”

## 1.5 Aidhmeanna Straitéiseacha

De réir Phlean Corparáideach na Comhairle 2004-2009 is iad seo a leanas aidhmeanna straitéiseacha Chomhairle Contae Liatroma**:**

**Fás Daonra agus Forbairt Eacnamaíoch:** Chun comhdhlúthú a dhéanamh ar infheistiú inbhuanaithe isteach atá ann cheana agus ar chruthú poist, mar aon le cinn nua a neartú, a spreagadh agus a chur chun cinn, mar bhunús do mhéadú daonra agus d’fhás eacnamaíoch cothrom ar fud an Chontae.

**Scoth-thimpeallacht:** Chun an timpeallacht nádúrtha agus saorga a fheabhsú, a chosaint, a chaomhnú, a chothú agus a chur chun cinn chun leasa na nglún atá anois ann agus na nglún amach romhainn.

**Soláthar Infreastruchtúir:** Chun infreastruchtúr fisiciúil, eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha an Chontae a chothabháil agus a fhorbairt sa bhreis ar bhealach inbhuanaithe.

**Seirbhís den Scoth do Chustaiméirí:** Chun seirbhísí den scoth a sholáthar a bheidh sainoiriúnaithe chun freastal ar riachtanais ár gcustaiméirí ar fad.

**Rannpháirtíocht an Phobail:** Chun tuilleadh rannpháirtíochta pobail a spreagadh agus a éascú i gcruthú, i bhforbairt agus i bhfeidhmiú pholasaithe agus chláracha.

**Cumarsáid:** Chun tuiscint níos fearr ar na feidhmeanna agus ar na seirbhísí a sholáthraíonn Comhairle Chontae Liatroma a chur in iúl go honnghníomhach don fhoireann agus do chustaiméirí.

## 1.6 Plean Gníomhaíochta Seirbhíse Chustaiméara

Agus Prionsabail na Seirbhísí den Scoth do Chustaiméirí in úsáid, faoi mar a luaitear iad i bPlean Gníomhaíochta do Chustaiméirí na Comhairle 2004-2009, tá sé d'iachall ar an gComhairle seirbhísí as Gaeilge a fhorbairt agus a leathnú. Is féidir plé le gearáin agus achomhairc maidir le seirbhís as Gaeilge trí na nósanna imeachta gearáin a leagtar síos sa Phlean Seirbhíse do Chustaiméirí atá ar fáil as Gaeilge agus as Béarla faoi aon chlúdach amháin. Tugtar sonraí teagmhála freisin d'Oifig an Ombudsman d'aon duine nach bhfuil sásta le freagra na Comhairle ar a ngearán.

## 1.7 Custaiméirí agus Cliaint Chomhairle Contae Liatroma

Sa chéad áit, is iad custaiméirí Chomhairle Contae Liatroma ná daonra Chontae Liatroma - daonra de 25799, dar le Daonáireamh na bliana 2002. Ach de bhreis ar an dteagmháil a bhíonn againn le custaiméirí ó lá go lá bíonn gnó againn le hearnáil níos leithne lena n-áirítear:

Pobail ar fud Chontae Liatroma
Ranna Rialtais
Gníomhaireachtaí Stáit
Gnó
Údaráis Áitiúla eile agus údaráis réigiúnda
Struchtúir Bhord Forbartha Contae
Comhpháirtithe Sóisialta agus páirtithe leasmhara earnála
Gníomhaireachtaí Forbartha Áitiúla
Meáin Áitiúla agus Náisiúnta
Grúpaí LEADER agus Comhpháirtíocht Áitiúil
Soláthróirí Seirbhísí san Earnáil Phríobháideach

## 1.8 Réimsí Feidhme/Stiúrthóireachtaí Chomhairle Contae Liatroma

1. Uisce, Comhshaol agus Seirbhísí Éigeandála
2. Iompar agus Pleanáil
3. Seirbhísí Corparáide, Acmhainní Daonna agus Tithíocht
4. Airgeadas
5. Forbairt Phobail, Chultúrtha agus Fiontraíochta

## 1.9 Suíomh Oifigí na Comhairle

Tá príomhoifigí na Comhairle lonnaithe in Áras an Chontae i gCora Droma Rúisc. Tá ceithre Oifig Áitiúil ag an gComhairle i gCora Droma Rúisc, Droim Dhá Thiar, Cluainín agus Maothail.

Tá ocht suíomh ag ár nGréasán Leabharlainne lena n-áirítear Cora Droma Rúisc, Carraig Álainn, Droim Dhá Thiar, Droim Seanbhó, Coillte Clochair, Cionn Locha, Cluainín agus Maothail.

Tá ceanncheathrú na Leabharlainne lonnaithe i mBéal an Átha Móir.

Tá Stáisiúin Dóiteáin lonnaithe go straitéiseach i gcúig suíomh ar fud an chontae .i. Béal an Átha Móir, Cora Droma Rúisc, Droim Seanbhó, Cluainín agus Maothail.

## 1.10 Príomh-mhodhanna Cumarsáide Scríofa leis an bPobal

Go ginearálta tá cumarsáid na Comhairle seo lena custaiméirí maidir lena seirbhísí ar fáil as Béarla amháin, agus i gcásanna áirithe as Gaeilge agus as Béarla, lena n-áirítear:-

- Leabhráin & bileoga eolais
- Foirmeacha iarratais
- Foilseacháin
- Preasráitis
- Suíomh idirlín
- Fógraí
- Miontuairiscí ar chruinnithe Údaráis Áitiúil
- Tuairiscí
- Polasaithe Reachtúla

## 1.11 Measúnú ar líon na Seirbhísí atá ar fáil as Gaeilge cheana féin

Is é príomhaidhm an Achta ná soláthar níos fearr agus caighdeán níos airde de sheirbhísí poiblí as Gaeilge a chinntiú. Tá Coiste na Gaeilge gníomhach i gcothú Sheachtain na Gaeilge agus chomórtas Ghlór na nGael, a raibh iontrálacha ag an gComhairle ann le blianta beaga anuas. Chuir Comhairle Contae Liatroma ranganna Gaeilge ar fáil don fhoireann, agus thug tacaíocht d'fhoireann ar mian leo cáilíochtaí acadúla a bhaint amach sa Ghaeilge. (Faoi láthair tá triúr den fhoireann ag críochnú chúrsa dhá bhliain do Dhioplóma sa Ghaeilge atá reáchtáil ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh). Freisin, bhain an fhoireann leas as Scéim Scoláireachta na Gaeltachta trí Ghaeleagras.

Aithníonn Comhairle Contae Liatroma go bhfuil réimse seirbhísí ann nach bhfuil ar fáil faoi láthair as Gaeilge, agus fáiltímid roimh an deis a thugann an Scéim seo dúinn ár seirbhís as Gaeilge a fhorbairt agus a fheabhsú. Cé nach bhfuil éileamh suntasach ann faoi láthair do sheirbhísí as Gaeilge tá an Chomhairle tiomanta d'fheabhas a chur ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil as Gaeilge, agus do chultúr dearfach a fhorbairt a spreagann úsáid na Gaeilge ag ár bhfoireann agus ár gcustaiméirí araon.

## Caibidil 2 Achoimre ar Sheirbhísí atá á sholáthar ag Comhairle Contae Liatroma

Tugann an caibidil seo cur síos ar na seirbhísí á sholáthar ag Comhairle Contae Liatroma.

**STIÚRTHÓIREACHT PHOBAIL, CULTÚRTHA AGUS FORBAIRT FIONTAR**
***Príomhróil /Freagrachtaí na Stiúrthóireachta:***

- Obair le Bord Forbartha Contae Liatroma i bhforfheidhmiú Straitéis an Chontae d'Fhorbairt Eacnamaíochta, Phobail agus Dheonach
- Fóram Pobail agus Deonach Liatroma a éascú agus tacú leis
- Treoir, tacaíocht agus cothú do ghníomhaíocht údaráis áitiúil i bhforbairt phobail agus forbairt fiontar
- Soláthar de Sheirbhís Leabharlainne lena n-áirítear seirbhís phoiblí rochtana idirlín saor in aisce
- Forbairt agus seachadadh Chláir Ealaíona lena n-áirítear forbairt Ionad Ealaíona
- Scéim Maoir Pobail
- Clár Forbartha Trasteorainn
- Áiseanna áineasa a fhorbairt agus a chothabháil – linnte snámha; ionad áineasa; clósanna súgartha srl.
- Cothú Turasóireachta
- Clár For-rochtana Tríú Leibhéal
- Smacht, rialú agus maoirsiú ar Chorrthrádáil
- CLÁR
- Tascfhórsa faoi cheannas na Comhairle Contae (PEACE II)
- Tionscnaimh Forbartha Eacnamaíochta
- Cuimsitheacht Shóisialta a Chothú
- Comhairle na nÓg/Comhairle na bPáistí
- Scéimeanna Deontais Pobail agus Deonach agus Ealaíona
- Tionscnaimh *Floral Pride* & *Pride of Place*
- Forfheidhmiú Fhorógra Barcelona
- Leathanbhanda (MAN)
- An Pictiúrlann Soghluaiste a Oibriú – Aisling Gheal Liatroma

**STIÚRTHÓIREACHT SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDE AGUS TITHÍOCHTA**
***Príomhróil /Freagrachtaí na Stiúrthóireachta:***

- Tacaíocht do Bhaill Tofa
- Clár na dToghthóirí a Chothabháil
- Deontais Ardoideachais a Phróiseáil
- Toghcháin Áitiúla
- Reachtaíocht Shaoráil Faisnéise a Riaradh
- Tuarascáil Bhliantúil a Ullmhú
- Seirbhísí do Chustaiméirí lena n-áirítear Gearáin Custaiméara agus Ombudsman
- Plean Corparáideach agus Plean Seirbhíse Custaiméara a ullmhú
- Comhordú agus monatóireacht ar Tháscairí Seirbhíse
- Earcaíocht
- Oiliúint agus Forbairt Foirne
- Aoisliúntas
- Teicneolaíocht Faisnéise & Cumarsáide
- Páirtnéireacht
- Nascadh Bhailte
- Cróinéir a fhostú agus costaisí maidir le coistí cróinéara/scrúduithe iarbháis a reáchtáil
- Tithíocht Údaráis Áitiúil
  - Tógáil agus cothabháil
  - Measúnú ar riachtanais agus dáileadh na dtithe

- Tacaithe Tithíochta
  - Scéimeanna Oibreacha Feabhsúcháin; Scéim Ceannaithe Thionóntaithe; Scéim Liúntais Morgáiste; Scéim Tithíochta Inacmhainne; Scéim Oibreacha Athchóirithe; Scéim Faduithe (tithe Údaráis Áitiúil)
  - Scéim Deontais Deisiúcháin Riachtanacha; Scéim Deontais do Dhaoine ar Mhíchumas
- Socrú Lucht Siúil
- Cóiríocht Dhaoine gan Dídean
- Bainistiú Eastáit
- Straitéis Tithíochta a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú
- Rialacháin a chur i bhfeidhm maidir le leabhair cíosa agus caighdeáin do chóiríocht phríobháideach

## STIÚRTHÓIREACHT AIRGEADAIS

***Príomhróil /Freagrachtaí na Stiúrthóireachta:***

- Rátaí tráchtála agus táillí seirbhíse a bhailiú
- Iasachtaí chun tithe a cheannach agus a fheabhsú
- Cíos agus blianacht a bhailiú
- Bainistiú Fhéichiúnaithe
- Bainistiú Shócmhainní
- Bainistiú Phriacail
- Párolla
- Iniúchadh Inmheánach
- Mótarcháin agus Ceadúnais Tiomána
- Ceadúnais Fheithiclí Seirbhísí Poiblí
- Deimhnithe Ródacmhainneachta d'fheithiclí tráchtála
- Ceadúnais leantóirí d'fheithiclí tráchtála
- Ceadúnais trádála do gharáistí
- Athrú ar úinéireacht (feithiclí cláraithe roimh 1993)
- Macasamhla de cheadúnais tiomána, dioscaí cánach, teastais ceadúnaithe, leabhair chlárúcháin, deimhnithe ródacmhainneachta
- Deimhniú ar shonraí ceadúnaithe agus clárúcháin do chúiseanna cúirte agus eile

## STIÚRTHÓIREACHT IOMPAIR AGUS PLEANÁLA

***Príomhróil /Freagrachtaí na Stiúrthóireachta:***

- Cothabháil agus feabhsú bhóithre (líonra na mbóithre Náisiúnta agus Neamh-Náisiúnta)
- Dearadh Bhóithre
- Bainistiú tráchta agus comharthaíocht
- Soilsiú Poiblí – soláthar agus cothabháil
- Sábháilteacht Bhóthair agus Oideachas
- Freagraí Éigeandála – tuilte, crainn titithe, cóiríocht sneachta agus oighir
- Glanadh sráide, bruscar
- Dúnadh Bhóithre
- Ceadúnais d'Oscailt Bhóithre
- Seirbhísí i bhFeidhm
- Láithreáin Díomhaoin agus Struchtúir/Áiteanna Contúirteacha
- Bealaí achtaithe poiblí a chosaint
- Ceadúnais do Lastaí Neamhghnácha
- Scéim Feabhsaithe Áitiúil
- Rialú Forbartha (ceadanna pleanála, ceadúnais srl)
- Pleanáil Ar Aghaidh (Pleananna Forbartha srl.)
- Forghníomhú Pleanála
- Rialú ar Thógáil
- Athnuachan Uirbeach agus Tuaithe
- Oidhreacht & Caomhnú (tírdhreach/oidhreacht ailtireachta)
- Glacadh i bhfeidhm (forbairtí tithíochta srl.)

## STIÚRTHÓIREACHT UISCE, COMHSHAOIL AGUS SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA

***Príomhróil /Freagrachtaí na Stiúrthóireachta:***

- Bainistiú Dramhaíola
  - Straitéis Bainistíochta Dramhaíola a ullmhú agus a chur i bhfeidhm; bainistiú ar láithreáin líonadh talún; athchúrsáil a chothú agus áiseanna athchúrsála a

    - sholáthar; Plean Bainistíochta Bhruscair a ullmhú agus a chur i bhfeidhm
- Rialú ar Thruailliú
    - Ceadúnú d'eisithe eisilteacha d'uiscí agus séarachas poiblí; monatóireacht ar chaighdeán uisce; smacht ar bhruscar; feachtais i gcoinne an bhruscair
- Seirbhísí Soláthar Uisce, Seirbhísí Séarachais agus Uisce ar Dhromchla
    - Uisce poiblí agus áiseanna séarachais a sholáthar; clár uisce tuaithe; cothabháil ar chórais draenála; cúnamh deontais chun cuidiú le teaghlaigh le soláthar príobháideach uisce a sholáthar nó feabhas a chur ar sholáthar uisce agus scéimeanna séarachais; cúnamh deontais chun grúpscéimeanna uisce agus scéimeanna séarachais atá ann cheana a athchóiriú nó cinn nua a sholáthar; fordheontas bliantúil a íoc do chostais oibriúcháin chun uisce teaghlaigh a sholáthar do ghrúpaí le foinsí príobháideacha agus poiblí
- Seirbhísí Dóiteáin, Cosaint Shibhialta agus Éigeandála
- Oideachas Comhshaoil
- Sábháilteacht Uisce
- Forfheidhmiú an Achta um Rialú Madraí agus an Achta um Rialú Capall
- Dualgais faoi réir an Achta um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998, Acht na Seamlas agus na hAchtanna um Sláinte Phoiblí
- Soláthar agus cothabháil ar chonláistí
- Soláthar agus cothabháil ar reiligí
- Cúnamh agus comhairle a sholáthar do choistí na mbailte slachtmhara
- Riarachán ar Rochtain d'Eolas ar na Rialacháin Comhshaoil

# 3 Feabhsú ar Sheirbhísí le soláthar ar bhonn dátheangach

## 3.1 Treoirphrionsabail

- Aithníonn Comhairle Contae Liatroma go bhfuil sé de cheart ag daoine a roghnú cé acu den dá Theanga Oifigiúil a úsáid ina ngnó leis an gComhairle.
- Glacann Comhairle Contae Liatroma leis gur féidir le duine a riachtanais a chur in iúl níos éifeachtaí sa teanga a roghnaíonn sé nó sí.
- Tuigeann Comhairle Contae Liatroma gur dea-chleachtas é rogha ceart teanga a thabhairt do dhaoine agus iad ag úsáid seirbhísí údaráis áitiúil, agus go mbíonn toradh níos fearr ó thaobh ardchaighdeáin seirbhíse de.

Seo a leanas na bearta a bhfuil sé i gceist ag Comhairle Contae Liatroma a ghlacadh thar thréimhse na Scéime seo le feabhas a chur ar chaighdeán na seirbhísí as Ghaeilge

- Iniúchadh ar leibhéal chumas Gaeilge na mball foirne uilig a chríochnú. Ainmneoidh an t-iniúchadh leibhéil éagsúla de chumas. Críochnófar an t-iniúchadh seo faoi 30.6.2007 (sé mhí ó thús na Scéime).

- Ainmneofar baill foirne i ngach Stiúrthóireacht a bhfuil scileanna réasúnta nó measartha maith acu sa Ghaeilge, ach nach bhfuil líofa go fóill, agus cuirfear oiliúint sa Ghaeilge ar fáil dóibh i rith uaireanta oibre, thar thréimhse na scéime. Déanfar é seo le toil ghach bhall foirne.

- Leanfaidh Comhairle Contae Liatroma ag obair le foireann a bhfuil cumas Gaeilge acu, agus lorgófar comhaontú leo, le seirbhísí as Gaeilge a sholáthar i réimse ina bhféadfadh éileamh a bheith ar an nGaeilge. Lena gcead siúd, ainmneofar na baill sin d'ár gcustaiméirí ar ár suíomh idirlín, eolaí teileafóin srl.

Faoi 1.1.08 (laistigh de bhliain amháin ó thus na scéime), tar éis dul i gcomhairle leis an bhfoireann, roghnófar dhá Stiúrthóireacht a mbeidh ar a gcumas seirbhísí as Gaeilge a chur ar fáil don phobal. Sa dá stiúrthóireacht seo ainmneofar baill foirne a bheidh in ann seirbhísí as Gaeilge a chur ar fáil agus tabharfar traenáil chuí dóibh chun cuidiú leo an ról seo a chomhlíonadh.

## 3.2 Cumarsáid Scríofa

Fáilteoidh an Chomhairle roimh chomhfhreagras i nGaeilge nó i mBéarla. Nuair atá stáisinéireacht á athnuachan cuirfear ráiteas á rá go mbeadh fáilte roimh fhreagra as Gaeilge ar ár bpáipéar teidil, duillíní dea-mhéine srl.
Ní bheidh aon mhoill mhíchuí le comhfhreagras a dhéanamh leis an gComhairle trí Ghaeilge. Tabharfar freagra ar ghach comhfhreagras laistigh den spriocthréimhse atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta Custaiméirí.
Beidh gach comhfhreagras tar éis comhrá Gaeilge teileafóin nó duine le duine as Gaeilge ach amháin má léiríonn an ball den phobal a mhalairt. Beidh comhfhreagras a eascraíonn as cruinniú/comhrá teileafóin as Gaeilge, sa chás go bhfaightear amach gurb í an Ghaeilge rogha teanga an chustaiméara, cé go bhféadfadh sé nár tionóladh an cruinniú/comhrá teileafóin trí mheán na Gaeilge.

## 3.3 Oiliúint agus Forbairt

Leanfaidh Comhairle Contae Liatroma lena tiomantas maidir le hoiliúint agus forbairt chuí a chur ar fáil don fhoireann uilig, sa dá Theanga Oifigiúla, le freastal ar riachtanais athraitheacha ár gcustaiméirí agus le cur ar chumas na foirne feabhas a bhaint amach ina saolta gairme.

Leanfaidh Comhairle Contae Liatroma díobh seo a leanas:-

- Tacú go leanúnach le cúrsaí Gaeilge d'ardchaighdeán a chur ar fáil do bhaill foirne, i rith uaireanta oibre agus ina ndiaidh, mar chuid lárnach de phríomhphlean oiliúna na Comhairle.

- Réimsí cúrsaí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge do bhaill foirne atá líofa sa Ghaeilge cheana féin (m.sh. aistriúchán comhuaineach, scileanna sna meáin chumarsáide, úsáid na Gaeilge ar ríomhairí, scileanna gramadaí agus scileanna scríofa litreacha srl.)

- Cuirfear ábhar foghlamtha agus áiseanna teanga (foclóirí, bogearraí ríomhaireachta, foilseacháin srl.) ar fáil do bhaill foirne le forbairt agus seachadadh na seirbhísí trí Ghaeilge a éascú.

- Measúnú a dhéanamh go rialta ar ghach cúrsa, cúrsaí Gaeilge agus cúrsaí trí mheán na Gaeilge san áireamh, lena mheas cé chomh héifeachtach is a fhreastalaíonn siad ar aidhmeanna na Comhairle.

- Feasacht teanga a chur san áireamh mar chuid de chúrsaí Ionduchtaithe agus Seirbhís Chustaiméara araon, lena chinntiú:

  a. go dtuigeann baill foirne cén fáth go gcuireann an Chomhairle polasaí dátheangach i bhfeidhm
  b. go dtuigeann na baill foirne comhthéacs agus cúlra an pholasaí
  c. go mbeidh eolas maith ag baill foirne ar an tionchar a bheidh ag an bpolasaí ar a gcuid oibre
  d. go mbeidh tuiscint bháúil ag baill foirne ar riachtanais agus ar bhuarthaí ár gcustaiméirí le Gaeilge.

- Scrúdóidh Comhairle Contae Liatroma meicníochtaí eile (m.sh. scéimeanna gradaim) le seirbhísí as Gaeilge a spreagadh agus a chothú i measc na mball foirne, agus le haitheantas a thabhairt d'iarrachtaí na foirne.

## 3.4 Córais Faisnéise

Cuirfidh Comhairle Contae Liatroma seoladh ríomhphoist ginearálta ar bun d'fhiosrúcháin as Gaeilge. Cinnteoidh Comhairle Contae Liatroma go bpléifear chomh tráthúil le fiosrúcháin den chineál seo agus a phléitear le fiosrúcháin i mBéarla.

Forbrófar córas inlíne na Comhairle mar áis foirne chun an dátheangachas a chur chun cinn i measc na mball foirne: litriú ceart ar logainmneacha, cuidiú le litreacha a scríobh, nathanna d'fháilteoirí, teidil na bpost agus na rannóg sa Chomhairle, óráidí foirmeálta srl.

Scrúdófar bealaí le húsáid bhogearraí aistriúcháin a leathnú ar fud na heagraíochta.

Beidh aon chórais nua ríomhaireachta a shuiteálfar ábalta go hiomlán an Ghaeilge a láimhseáil, ach iad a bheith ar fáil.

Beidh an gnáth-shéanadh ar chomhfhreagras ríomhphostais dátheangach ó thus na Scéime .

Cinnteoidh an Chomhairle go n-ardófar ceist chumas na bpacáistí ríomhaireachta thuasluaite an Ghaeilge a láimhseáil sna chéad teagmhálacha le comhlachtaí, daoine comhairleacha srl, agus in aon teagmháil ina dhiaidh sin. Maidir leis an ábhar seo ba chóir a chur a mheabhrú go bhfuil an Chomhairle, ar nós thromlach na gComhairlí Contae eile, ag brath ar Bhord Seirbhísí Ríomhaire Údaráis Áitiúil do sholáthar an-chuid dá córais agus iarrfaidh an Chomhairle ar an mBord seirbhísí a sholáthar a bheidh in ann Gaeilge a láimhseáil.

## 3.5 Foirmeacha Iarratais

Cuirfear na foirmeacha iarratais uilig, agus na bileoga eolais a ghabhann leo, ar fáil sa dá theanga faoi 30.6.2008 (ocht mí déag ó thús na Scéime seo). D'fhéadfadh leaganacha aonteangacha, nó leaganacha scartha Gaeilge agus Béarla san aon chlúdach amháin, a bheith i gceist. Beidh siad seo ar fáil in oifigí uilig na Comhairle.

## 3.6 Suíomh Idirlín

Tá na foirmeacha iarratais uilig le bheith ar fáil as Gaeilge don phobal ar ár suíomh idirlín faoi 30.6.08 (ocht mí déag ó thús na Scéime.). Cuirfear gach foilseachán atá le foilsiú as Gaeilge faoi réir Ailt 10 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla ar fáil as Gaeilge ar ár suíomh freisin. Déanfar aon seirbhís úr idirghníomhach a chuirfidh ar chumas an phobail iarratais a dhéanamh nó liúntais a fháil ar líne a thabhairt isteach go comhuaineach sa dá theanga, ach iad a bheith ar fáil faoi dheireadh na Scéime. Déanfar athbhreithniú ar ábhar ár Suímh ar bhonn leanúnach agus é mar chuspóir an t-ábhar as Gaeilge a leathnú.

## 3.7 Seirbhísí Teileafóin

Is iad na fáilteoirí/oibritheoirí malartáin na chéad phointí teagmhála leis an bpobal. Faoi láthair, is i mBéarla don chuid is mó a chuirtear an tseirbhís seo ar fáil. Roimh 31.12.07 (dhá mhí déag ó thús na Scéime seo), beidh cleachtadh ag na fáilteoirí/oibritheoirí malartáin acu ar na bunbheannachtaí Gaeilge, agus beidh socruithe oiriúnacha ann le go mbeidh siad in ann baill den phobal a chur i dteagmháil gan mhoill le cibé oifig nó oifigeach atá freagrach as an tseirbhís atá á lorg as Gaeilge.

## 3.8 Polasaí maidir le Cruinnithe Poiblí

Reáchtálann an Chomhairle an chuid is mó dá cruinnithe poiblí as Béarla. Cuirfear deiseanna oiliúna ar fáil do Chomhaltaí Tofa ar mian leo Gaeilge a fhoghlaim agus a úsáid. Déanfar soláthar d'aon duine ar mian leis/léi Gaeilge a labhairt ag cruinniú poiblí.

## 3.9 Na Meáin/Preasráitis

Ainmneofar baill foirne, nuair atá siad ar fáil, le hagallaimh a dhéanamh leis na meáin Ghaeilge, go háirithe Raidió na Gaeltachta agus TG4.

Cuirfear liosta de na baill thuasluaite, chomh maith lena gcuid sonraí teagmhála, ar fáil dos na meáin Ghaeilge faoi 31.12.07 (laistigh de bhliain amháin ó thus na Scéime). Déanfar an liosta seo a nuashonrú agus a chur ar fáil ar bhonn rialta.

As Gaeilge agus as Béarla a eiseofar preasráitis a bhaineann le tionscnaimh chun an Ghaeilge a chur chun cinn.

## 3.10 <u>Leabhráin agus Bileoga Eolais</u>

Tá sé i gceist againn go mbeidh gach bileog eolais agus gach leabhrán a thugann eolas don phobal ar fáil go dátheangach faoi dheireadh na Scéime seo. Leanfar de cháipéisí teicniúla a fhoilsiú as Béarla amháin, ach amháin nuair atá suim fhorleathan ag an bpobal iontu, nó tábhacht áitiúil leo, agus sa chás sin cuirfear leagan dátheangach nó achoimre i nGaeilge ar fáil. (faoi dheireadh na Scéime).

## 3.11 <u>Logainmneacha</u>

Is é polasaí na Comhairle é go dtugtar ainmneacha Gaeilge ar eastáit nua de chuid an údaráis áitiúil, a léiríonn stair agus cultúr áitiúil. Leanfar den pholasaí seo le linn na Scéime. Iarrfar ar fhorbróirí d'eastáit phríobháideacha leanúint d'úsáid a bhaint as logainmneacha Gaeilge a léiríonn oidhreacht an cheantair ina bhfuil forbairtí molta. Tá sé seo mar aidhm ag an bPlean Forbartha Contae reatha agus mar thoradh air tá líon suntasach d'eastáit phríobháideacha ann le hainmneacha Gaeilge. Leanfaidh an Chomhairle de chothú gníomhach ar úsáid na Gaeilge agus eolas, cultúr agus oidhreacht áitiúil i roghnú logainmneacha d'fhorbairtí nua, idir phoiblí agus phríobháideach.

## 3.12 <u>Beartais Chothaithe</u>

Seo a leanas roinnt moltaí a dhéanfaidh an Chomhairle a chur ar fáil agus/nó iarracht a fhorbairt thar thréimhse na Scéime:

Páirt a ghlacadh i Seachtain na Gaeilge (m.sh. imeachtaí/taispeántais sna seirbhísí leabharlainne)

Leanúint le cothú ar ghradam Ghlór na nGael do ghrúpaí pobail áitiúla a spreagann úsáid sheirbhísí Gaeilge i measc an phobail.

Scéim Dheonach na Fáinne a bhunú agus a fhorbairt i measc na foirne, sa chaoi is go mbeidh sé furasta don phobal, agus do bhaill foirne eile, foireann le Gaeilge a aithint.

# Caibidil 4 Cur i bhFeidhm, Monatóireacht agus Athbhreithniú

Nuair a cheadófar an Scéim, cuirfidh an Bainisteoir Contae tús le próiseas ullmhúcháin do phlean comhlíonta 3 bliana. Ainmneoidh an plean comhlíonta do ghach Stiúrthóireacht príomhchuspóirí ar a ndéanfar dul chun cinn a mheas, trí thuairisc bhliantúil a chur ar fáil ó gach Stiúrthóireacht don Bhainisteoir Contae. Beidh tuairisc ar dhul chun cinn iomlán na heagraíochta ar fáil don phobal agus do Bhaill Tofa tríd an Tuarascáil Bhliantúil.

Coinneoidh an Fhoireann Shinsearach Bainistíochta oibriú éifeachtach na Scéime faoi athbhreithniú, go príomha tríd na meicníochtaí thuasluaite.

Déanfaidh Comhairle Contae Liatroma iniúchadh ar éileamh agus soláthar seirbhísí trí Ghaeilge ar a Seirbhísí.

Féadfaidh Comhairle Contae Liatroma gníomhartha forbartha eile nach bhfuil luaite sa Scéim seo a thionscnamh.